Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16361/23**

**FISC 288**
**ECOFIN 1331**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15875/23 FISC 268 ECOFIN 1264 |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 8 Nollaig 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3958ú cruinniú a bhí aici, an 8 Nollaig 2023.

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Spáinne**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Spáinne, go háirithe maidir leis an athbhreithniú a rinneadh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Dheireadh Fómhair 2023; FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 15757/23 + ADD 1-12 í; FORMHUINÍONN SÍ an pacáiste oibre ilbhliantúil nua a leagtar amach in 13649/23.

2. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an plé leanúnach maidir leis an bpróiseas fógartha; FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe maidir le héifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal iad agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair sin;

3. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú san Aontas agus ar fud an domhain mhóir; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh;

4. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an dul chun cinn atá déanta ag dlínsí a chuir an t-athchóiriú ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach i gcrích laistigh den spriocdháta a moladh agus an t-idirphlé atá ar siúl faoi láthair le roinnt dlínsí eile atá i mbun athchóiriú a dhéanamh ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach; agus FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir le dlínsí cánach nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin ainmniúil i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas maidir le tábhacht eacnamaíoch faoi chritéar 2.2 agus le dlínsí ábhartha i ndáil le cur chun feidhme chaighdeán íosta frith-BEPS i dtaca le tuairisciú de réir tíre (critéar 3.2) agus maidir le cur chun feidhme an mhalartaithe faisnéise arna iarraidh sin (critéar 1.2);

5. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn maidir le critéar 1.4 a bheidh ann amach anseo maidir le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar maidir le trédhearcacht cánach;

6. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar an meastóireacht ar na bearta cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn breise a dhéanfar sna réimsí sin;

7. FORMHUINÍONN SÍ an síneadh le raon feidhme geografach chleachtas scagtha agus liostaithe an Aontais ó 2024 ar aghaidh, arna chomhaontú ag an Meitheal;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal dul i dteagmháil le dlínsí ábhartha nach ndearnadh measúnú go fóill orthu i ndáil le caighdeáin íosta frith-BEPS i dtaca le tuairisciú de réir tíre (critéar 3.2);

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Beilge.